Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**10973/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0198(NLE)**

**ACP 91**
**FIN 748**
**PTOM 15**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10738/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10498/22 - COM(2022) 306 final |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le leithdháileadh cistí saortha ó thionscadail faoin 10ú agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta chun críche gníomhaíochtaí maoiniúcháin lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéim na slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine<br>– Glacadh |

1. An 21 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le leithdháileadh cistí saortha ó thionscadail faoin 10ú agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta chun críche gníomhaíochtaí maoiniúcháin lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéim na slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine.

2. Scrúdaigh an Mheitheal ACC an togra ón gCoimisiún agus, an 28 Meitheamh 2022, tháinig sí ar chomhaontú ar leibhéal na Meithle maidir le téacs athbhreithnithe den dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-áirítear soiléirithe breise, go háirithe maidir leis an nasc leis na conclúidí ón gComhairle an 20 Meitheamh 2022, cineál eisceachtúil shlógadh na gcistí saortha, an aird atá le tabhairt ar na tíortha ACC is leochailí agus is neamhchosanta, an nasc leanúnach idir na cistí athúsáidte agus an CEF tionscnaimh, dáileadh an mhéid atá le slógadh idir na sraitheanna éagsúla gníomhaíochta, agus dáileadh an mhéid fhoriomláin idir an 10ú agus an 11ú CEF.

3. Ag an gcruinniú dá chuid a bhí ag Coiste na mBuanionadaithe an 29 Meitheamh 2022, dhearbhaigh sé go n-aontaíonn sé leis an téacs.

4. Dá bhrí sin, iarrtar ar an gComhairle, mar mhír ‘A’ ar a clár oibre, an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an Cinneadh a ghlacadh, mar a leagtar amach in 10762/22 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha air ag na saineolaithe dlí agus teanga, ag gníomhú di d’aon toil, dá bhforáiltear in Airteagal 1(4) agus (5) den 11ú Comhaontú Inmheánach CEF[1];

– a iarraidh go bhfoilseofar an Cinneadh san Iris Oifigiúil.

---

[1] IO L 210, 6.8.2013, lch. 1.